**AN tAONTAS EORPACH**

**PARLAIMINT NA hEORPA** **AN CHOMHAIRLE**

**An Bhruiséil, 11 Meán Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**2025/0085(COD)** **PE-CONS 36/25**

**COH 140**
**SOC 530**
**SAN 460**
**CADREFIN 88**
**CODEC 1026**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1057 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha |

**RIALACHÁN (AE) 2025/...**
**Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE**

**an …**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2021/1057**
**lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa *Plus* (CSE+)**
**a mhéid a bhaineann le bearta sonracha chun aghaidh a thabhairt ar dhúshláin straitéiseacha**

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagail 164, 175, 177 agus 322 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa[1],

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún[2],

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach[3],

---

1 IO C, C/2025/3197, 2.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3197/oj.
2 IO C, C/2025/3474, 16.7.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/3474/oj.
3 Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 10 Meán Fómhair 2025 (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an ...

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I bhfianaise na mórimeachtaí geopholaitiúla agus eacnamaíocha, a tharla le déanaí a bhfuil athmhúnlú déanta acu ar chuid de thosaíochtaí polaitiúla straitéiseacha an Aontais, is gá foráil a dhéanamh maidir le níos mó deiseanna struchtúracha a bheith ag na Ballstáit aghaidh a thabhairt ar na dúshláin gheopholaitiúla straitéiseacha phráinneacha sin agus a n-acmhainní a athdhíriú ar thosaíochtaí nua atá ag teacht chun cinn.

(2) Is iad na príomhchuspóirí a bhaineann le Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+), arna bhunú trí bhíthin Rialachán (AE) 2021/1057[4] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tacú leis na Ballstáit agus leis na réigiúin cuimsiú sóisialta agus comhtháthú sóisialta a bhaint amach, margadh an tsaothair a ghníomhachtú, agus prionsabail agus príomhspriocanna Cholún Eorpach na gCeart Sóisialta a bhaint amach. Le hath-chlársceidealú acmhainní faoi CSE+, níor cheart an bonn a bhaint óna chur chuige sóisialta, ach ba cheart a chumas neamhionannas a chomhrac a neartú.

(3) Sa tuairim uaidh an 6 Bealtaine 2025 maidir leis an togra reachtach atá mar bhonn don Rialachán seo, chuir Cúirt Iniúchóirí an Aontais Eorpaigh i dtábhacht gur minic a úsáidtear an beartas comhtháthaithe mar uirlis phráinnfhreagartha, rud a d’fhéadfadh an bonn a bhaint óna aidhmeanna agus cuspóirí príomhúla fadtéarmacha. Tá sé ríthábhachtach a áirithiú nach gcuirfidh aon bhearta a dhéantar i gcomhthéacs éigeandálaí bac ar chuspóirí beartais comhtháthaithe.

---

4 Rialachán (AE) 2021/1057 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena mbunaítear Ciste Sóisialta na hEorpa Plus (CSE+) agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 1296/2013 (IO L 231, 30.6.2021, lch. 21, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1057/oj).

(4) Leanann an tAontas agus a Bhallstáit de léiriú go bhfuil siad in ann freagairt go tapa d'imeachtaí geopholaitiúla agus go bhfuil siad toilteanach acmhainní airgeadais leordhóthanacha a úsáid chun tionscal cosanta an Aontais a neartú. Ag an am céanna, tá sé ríthábhachtach leanúint d'infheistíocht a dhéanamh i gcuspóirí sóisialta an Aontais trí CSE+, ós rud é gur bunchloch é an comhtháthú sóisialta d'athléimneacht dhaonlathach agus shochaíoch an Aontais, rud atá bunriachtanach chun aghaidh a thabhairt ar bhagairtí foghacha.

(5) Le Páipéar Bán Comhpháirteach ón Ardionadaí do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála agus ón gCoimisiún an 19 Márta 2025 maidir le hUllmhacht Cosanta na hEorpa, réitítear an bealach don fhíor-Aontas Eorpach um an gcosaint, lena n-áirítear trí mholadh do na Ballstáit mórinfheistíocht a dhéanamh sa chosaint agus sa chibearshlándáil, lena n-áirítear cumais dé-úsáide agus ullmhacht shibhialta, arb infheistíocht í ba cheart a bheith fite fuaite leis an gcaiteachas sóisialta, rud a chruthódh fostaíocht agus deiseanna uas-scilithe agus athscilithe. I ndáil leis sin, i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 5 Márta 2025 dar teideal 'Aontas na Scileanna' ('an Teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna'), leagtar amach gníomhaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar bhearnaí scileanna agus ganntanais scileanna san Aontas, lena n-áirítear tríd an gComhshocrú um Scileanna, ar comhaontú neartaithe agus cuíchóirithe é, dá dtagraítear sa teachtaireacht sin, agus trína chomhpháirtíochtaí mórscála, go háirithe an Chomhpháirtíocht Mhórscála don Aeraspás agus an Chosaint. Sa chomhthéacs sin, is iomchuí dreasachtaí a ionchorprú in CSE+ d'fhonn forbairt scileanna sa tionscal cosanta a éascú. Chun níos mó solúbthachta a sholáthar do na Ballstáit chun acmhainní a ath-leithdháileadh ar fhorbairt scileanna sa tionscal cosanta, níor cheart na méideanna a leithdháiltear ar fhorbairt den sórt sin a bheith faoi réir ceanglais maidir le díriú téamach, ach ba cheart iad a chur i gcuntas agus rannchuidiú á dhéanamh leis na ceanglais sin.

(6) Is féidir CSE+ a úsáid chun tacú le hoiriúnú oibrithe, fiontar agus fiontraithe don athrú. I gcomhréir leis na bearta dícharbónúcháin a moladh i dteachtaireacht ón gCoimisiún an 26 Feabhra 2025 dar teideal 'an Comhaontú maidir le Tionsclaíocht Ghlan: Treochlár comhpháirteach don iomaíochas agus don dícharbónú' agus chun coigeartú tionsclaíoch atá nasctha le dícharbónú próiseas agus táirgí táirgeachta a éascú tuilleadh, ba cheart do CSE+ an sciliú, caomhnú post agus cruthú post ardcháilíochta a éascú ar feadh an phróisis dícharbónúcháin trí sholúbthacht a chur ar fáil agus an próiseas sin á chur chun feidhme. Ba cheart é sin a dhéanamh i gcomhréir leis an gcuspóir deiseanna ar feadh an tsaoil a sholáthar chun daoine a uas-sciliú agus a athsciliú go rialta, mar a leagtar amach sa teachtaireacht maidir le hAontas na Scileanna, lena n-áirítear trí Ráthaíocht Scileanna. Ba cheart aird ar leith a thabhairt ar riachtanais agus imthosca sonracha na réigiún beagfhorbartha agus na gceantar tuaithe, ar cheart dóibh tairbhe a bhaint as an aistriú glas, agus ar a áirithiú go ndéanfar iad a chomhtháthú i bhforbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chomhshaoil an Aontais i gcoitinne.

(7) I bhfianaise a thábhachtaí atá na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha is infheidhme maidir le gach cuspóir sonrach agus na critéir is gá chun measúnú a dhéanamh ar bhaint amach na gcuspóirí sin, de réir bhrí Airteagal 15(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[5] agus Iarscríbhinn III a ghabhann leis maidir le húsáid éifeachtach agus éifeachtúil na tacaíochta foriomláine ón Aontas a dheonaítear leis na Cistí sin de chuid an Aontais, agus i bhfianaise an ghá atá le héifeacht phraiticiúil na gCistí sin de chuid an Aontais a áirithiú, níor cheart na méideanna a sháraíonn an méid solúbthachta dá dtagraítear in Airteagal 86(1), an dara fomhír, den Rialachán sin, a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí sonracha atá faoi réir measúnú diúltach ón gCoimisiún ar bhonn chur i bhfeidhm na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha, a bheith faoi réir leasú ar chlár ná aistriú ar bhonn na dtosaíochtaí nua agus an tsolúbthachta nua dá bhforáiltear sa Rialachán seo. Is dreasacht riachtanach é beart comhréireach den sórt sin lena mbeartaítear a áirithiú go leanfaidh dlí agus cleachtais na mBallstát de na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha a chomhlíonadh agus go gcomhlíonfaidh an caiteachas a chumhdaítear le Cistí an Aontais cuspóirí an Aontais. Ós rud é go bhfuil Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[6] á chur i bhfeidhm go cothrománach, ba cheart feidhm a bheith ag an gceanglas céanna maidir leis na méideanna a chomhfhreagraíonn do ghealltanais arna gcur ar fionraí le bearta arna nglacadh ar bhonn an Rialacháin sin.

---

5 Rialachán (AE) 2021/1060 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 24 Meitheamh 2021 lena leagtar síos forálacha coiteanna maidir le Ciste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa, Ciste Sóisialta na hEorpa Plus, an Ciste Comhtháthaithe, an Ciste um Aistriú Cóir agus an Ciste Eorpach Muirí, Iascaigh agus Dobharshaothraithe agus rialacha airgeadais maidir leis na cistí sin agus maidir leis an gCiste um Thearmann, Imirce agus Lánpháirtíocht, an Ciste Slándála Inmheánaí agus an Ionstraim le haghaidh Tacaíocht Airgeadais don Bhainistiú Teorainneacha agus don Bheartas Víosaí (IO L 231, 30.6.2021, lch. 159, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2021/1060/oj).

6 Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2020 maidir le córas ginearálta coinníollachta chun buiséad an Aontais a chosaint (IO L 433 I, 22.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2020/2092/oj).

Méideanna laistigh den mhéid solúbthachta dá dtagraítear in Airteagal 86(1), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2021/1060 agus a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí sonracha atá faoi réir measúnú diúltach ón gCoimisiún ar bhonn chur i bhfeidhm na gcoinníollacha cumasúcháin cothrománacha, is féidir leo a bheith faoi réir leasú ar chlár nó aistriú ar bhonn tosaíochtaí nua, ar choinníoll go gcomhlíonann na tosaíochtaí nua sin na cuspóirí arna saothrú leis na coinníollacha cumasúcháin cothrománacha.

(8) Le CSE+, foráiltear do thacaíocht le haghaidh infheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[7]. Is é is aidhm do STEP ceannaireacht theicneolaíoch an Aontais agus forbairt scileanna san Aontas a neartú. Chun tuilleadh dreasachtaí a sholáthar le haghaidh infheistíochtaí ó CSE+ sna réimsí ríthábhachtacha sin, ba cheart an deis atá ag na Ballstáit réamh-mhaoiniú breise a fháil le haghaidh leasuithe gaolmhara ar chláir a leathnú. Na tosaíochtaí lena dtacaítear le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP faoi iarraidh ar leasú ar chlár a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2025, tá siad leis an réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire is infheidhme a fháil tráth a thíolactar an iarraidh sin.

---

[7] Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).

(9) Chun é a chur ar a gcumas do na Ballstáit ath-chlársceidealú fiúntach agus cóir a dhéanamh gan imeacht ó phríomhchuspóirí CSE+, agus acmhainní a dhíriú ar thosaíochtaí straitéiseacha an Aontais dá dtagraítear sa Rialachán seo, gan tuilleadh moilleanna a chruthú i gcur chun feidhme clár, is iomchuí foráil a dhéanamh maidir le tuilleadh solúbthachta. Fónann an t-athbhreithniú meántéarma mar dheis chun aghaidh a thabhairt ar ghnéithe sóisialta de dhúshláin straitéiseacha agus de thosaíochtaí nua gan dochar do ghníomhartha dlí eile de chuid an Aontais ná don chéad chreat airgeadais ilbhliantúil eile. Ba cheart do na Ballstáit tairbhiú d'am breise chun a measúnú ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma a thabhairt chun críche agus iarrataí gaolmhara ar leasuithe ar chláir a thíolacadh.

(10) Tá tionchar díréireach trom ag cogadh foghach na Rúise ar an i gcoinne na hÚcráine ar réigiúin ar léibhéal NUTS 2 a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin agus tá caillteanas post, níos lú gníomhaíochta eacnamaíochta agus eisiamh sóisialta ag tarlú iontu mar thoradh air sin. Chun dlús a chur le cur chun feidhme clár beartais comhtháthaithe agus an brú ar bhuiséid náisiúnta a mhaolú mar aon leis an leachtacht is gá a instealladh chun príomhinfheistíochtaí a chur chun feidhme, ba cheart réamh-mhaoiniú aonuaire breise ó CSE+ a íoc le haghaidh na gclár. Mar thoradh ar dhrochthionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, ba cheart céatadán an réamh-mhaoinithe a mhéadú tuilleadh le haghaidh cláir áirithe lena gcumhdaítear réigiún amháin nó níos mó ar leibhéal NUTS 2 a bhfuil teorainn aige leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin. Chun ath-chlársceidealú i dtreo príomhthosaíochtaí i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma a spreagadh, níor cheart an réamh-mhaoiniú aonuaire breise a bheith ar fáil ach amháin i gcás ina sroichtear tairseach áirithe le haghaidh athdháileadh acmhainní airgeadais do thosaíochtaí ríthábhachtacha sonracha.

(11) Thairis sin, chun an t-am is gá a chur i gcuntas chun infheistíochtaí a athdhíriú agus chun an úsáid is fearr a bhaint as na hacmhainní atá ar fáil, na spriocdhátaí le haghaidh incháilitheacht an chaiteachais agus rialacha saortha chomh maith le spriocdhátaí eile a bhaineann leis na ceanglais creata feidhmíochta, bainistíochta airgeadais, tuairiscithe agus mheastóireachta, ba cheart iad a choigeartú le haghaidh cláir lena ndéantar acmhainní a athdháileadh ar thosaíochtaí straitéiseacha.

(12) Ba cheart é a bheith indéanta ráta cómhaoinithe níos airde a chur i bhfeidhm maidir le tosaíochtaí i gcláir lena gcumhdaítear réigiún amháin nó níos mó ar leibhéal NUTS 2 a bhfuil teorainn aige leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin, i bhfianaise dhrochthionchar chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine ar na réigiúin sin ar leibhéal NUTS 2.

(13) Tá sé ríthábhachtach scileanna a fhorbairt chomh maith le hoiliúint a chur ar dhaoine óga cumasacha agus ar fhiontraithe chun poist a chruthú, agus ba cheart d'institiúidí atá ag obair ar chruthú agus glacadh scileanna, go háirithe institiúidí gairmoideachais agus gairmoiliúna, oibriú i ndlúthchomhar le chéile chun ailíniú le riachtanais mhargadh an tsaothair. Sa chomhthéacs sin, ba cheart do na Ballstáit a bheith in ann acmhainní a leithdháileadh freisin chun daoine óga cumasacha agus fiontraithe óga a mhealladh, go háirithe chuig réigiúin thuaithe agus réigiúin bheagfhorbartha, trí dhreasachtaí agus oiliúint spriocdhírithe.

(14) Agus cláir á leasú, ba cheart do na Ballstáit, i ndáil leis na tosaíochtaí tiomnaithe, le dlúth-rannpháirtíocht fhóinteach na gcomhpháirtithe sóisialta, oibleagáidí ar na tairbhithe a áireamh chun dálaí oibre agus fostaíochta a urramú i gcomhréir le dlí an Aontais agus leis an dlí náisiúnta is infheidhme, le coinbhinsiúin na hEagraíochta Idirnáisiúnta Saothair agus le comhaontuithe comhchoiteanna.

(15) Chun tacú leis na Ballstáit ath-chlársceidealú pras agus ceart a dhéanamh, ba cheart don Choimisiún soiléirithe teicniúla tráthúla agus soiléire agus tacaíocht a sholáthar d’údaráis bhainistíochta, lena n-áirítear trí chóras struchtúrtha, trí fhreagra a thabhairt ar cheisteanna teicniúla, dlíthiúla agus nós imeachta, go háirithe maidir le bearta a thugtar isteach leis an Rialachán seo.

(16) Ós rud é nach féidir leis na Ballstáit cuspóirí an Rialacháin seo, eadhon aghaidh a thabhairt ar na gnéithe sóisialta de dhúshláin straitéiseacha, infheistíochtaí a athdhíriú ar thosaíochtaí ríthábhachtacha nua agus seachadadh beartas a éascú agus dlús a chur leis, a ghnóthú go leordhóthanach agus, de bharr a bhfairsinge agus a n-éifeachtaí, gur fearr is féidir iad a ghnóthú ar leibhéal an Aontais, féadfaidh an tAontas bearta a ghlacadh, i gcomhréir le prionsabal na coimhdeachta mar a leagtar amach in Airteagal 5 den Chonradh ar an Aontas Eorpach. I gcomhréir le prionsabal na comhréireachta a leagtar amach san Airteagal sin, ní théann an Rialachán seo thar a bhfuil riachtanach chun na cuspóirí sin a ghnóthú.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) 2021/1057 a leasú dá réir.

(18) I bhfianaise a phráinní atá sé infheistíochtaí ríthábhachtacha a éascú i scileanna i dtionscal na cosanta agus san oiriúnú don athrú atá nasctha leis an dícharbónú i gcomhthéacs na ndúshlán geopholaitiúil straitéiseach práinneach, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

*Leasuithe ar Rialachán (AE) 2021/1057*

Leasaítear Rialachán (AE) 2021/1057 mar a leanas:

(1) cuirtear isteach an t-airteagal seo a leanas:

'Airteagal 5a

Forálacha sonracha a bhaineann leis an athbhreithniú meántéarma agus solúbthacht ghaolmhar shnáithe CSE+ faoi bhainistíocht chomhroinnte

1. In 2026, íocfaidh an Coimisiún 1,5 % den tacaíocht iomlán ó CSE+ mar réamh-mhaoiniú aonuaire breise, de bhun an chinnidh lena bhformheastar an leasú ar an gclár. Méadófar an céatadán réamh-mhaoinithe aonuaire breise sin in 2026 suas go 9,5 % le haghaidh cláir lena gcumhdaítear réigiún amháin nó níos mó ar leibhéal NUTS 2 a bhfuil teorainn aige leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin, ar choinníoll nach gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann leis an gclár. Mar sin féin, i gcás ina n-áirítear réigiúin ar leibhéal NUTS 2 i mBallstát, ar réigiúin iad a bhfuil teorainn acu leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin i gcláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann, agus i gcláir den sórt sin amháin, beidh feidhm ag an gcéatadán méadaithe maidir le cláir den sórt sin freisin.

2. Ní bheidh feidhm ag an réamh-mhaoiniú aonuaire breise dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo ach amháin i gcás inar formheasadh ath-leithdháiltí 10 % ar a laghad d'acmhainní airgeadais an chláir ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú de bhun Airteagal 12a, 12c nó 12d i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma, ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025 ('an tairseach 10 %').

Cuirfear na hath-leithdháiltí seo a leanas laistigh den chlár céanna san áireamh faoi chomhair na tairsí 10 % freisin:

(a) ath-leithdháiltí ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa (CFRE) nó ón gCiste Comhtháthaithe ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointí (a)(vi) agus (vii), pointí (b)(v), (ix), (xi) agus (xii), pointe (c)(iii), pointe (d)(vii), agus pointí (e) (iii) agus (iv), de Rialachán (AE) 2021/1058 i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma;

(b) ath-leithdháiltí ón gCiste um Aistriú Cóir (CUAC) ar na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú chun tacú le hinfheistíochtaí lena ranncuidítear le cuspóirí an Ardáin um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP) arna bhunú le Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, nó arna mbunú chun rochtain ar thithíocht inacmhainne a chur chun cinn de bhun Rialachán (AE) 2021/1056 i gcomhthéacs an athbhreithnithe meántéarma;

(c) ath-leithdháiltí ó CFRE nó ón gCiste Comhtháthaithe ar na tosaíochtaí tiomnaithe le haghaidh na gcuspóirí sonracha dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointí (a)(vi) agus (b)(ix), de Rialachán (AE) 2021/1058 nó ó CSE+ ar na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú de bhun Airteagal 12a den Rialachán seo nó ó CUAC ar na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú chun tacú le hinfheistíochtaí lena rannchuidítear le cuspóirí STEP arna bhformheas i leasuithe ar chláir roimh an athbhreithniú meántéarma;

(d) ath-leithdháiltí ó CFRE nó ón gCiste Comhtháthaithe ar thosaíochtaí arna mbunú le haghaidh an chuspóra shonraigh dá dtagraítear in Airteagal 3(1), an chéad fhomhír, pointe (b)(v), de Rialachán (AE) 2021/1058, arna bhformheas i leasuithe ar chláir ó bhí an 1 Eanáir 2025 ann.

3. Ní chuirfear na hacmhainní seo a leanas san áireamh chun an méid a chomhfhreagraíonn don tairseach 10 % a ríomh:

(a) acmhainní ó Ionstraim Théarnaimh an Aontais Eorpaigh dá dtagraítear in Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2021/1056;

(b) an cistiú breise do na réigiúin is forimeallaí dá dtagraítear in Airteagal 110(1), pointe (e), de Rialachán (AE) 2021/1060;

(c) na hacmhainní arna n-ath-leithdháileadh ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú chun tacú leis an bhfreagairt ar thubaistí nádúrtha de bhun Airteagal 12b den Rialachán seo, nó faoin gcuspóir sonrach dá dtagraítear in Airteagal 3(1), pointe (b)(x), de Rialachán (AE) 2021/1058.

4. Déanfar an réamh-mhaoiniú aonuaire breise atá dlite don Bhallstát agus a eascraíonn as leasuithe ar chláir de bhun an ath-leithdháilte ar na tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a áireamh mar íocaíochtaí a rinneadh in 2025 chun na méideanna atá le saoradh de bhun Airteagal 105 de Rialachán (AE) 2021/1060 a ríomh, ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025.

5. De mhaolú ar Airteagal 63(2) agus Airteagal 105(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, is é an 31 Nollaig 2030 dáta deiridh le haghaidh incháilitheacht an chaiteachais agus an tsaortha i gcás inar formheasadh leasuithe ar chláir lena n-ath-leithdháiltear 10 % ar a laghad d’acmhainní airgeadais an chláir ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo.

6. I gcás nach bhfuil ach clár amháin ag Ballstát lena gcumhdaítear a chríoch iomlán agus ina ndéantar an clár sin a mhaoiniú ó CFRE, ón gCiste Comhtháthaithe, ó CSE+ agus ó CUAC, beidh feidhm ag an maolú dá dtagraítear i mír 5 i gcás ina ndéantar 7 % ar a laghad d’acmhainní airgeadais an chláir a ath-leithdháileadh ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 2.

7. Maidir leis na cláir dá dtagraítear i míreanna 5 agus 6 den Airteagal seo, i gcás ina mbunaítear le Rialachán (AE) 2021/1060 an dáta deiridh chun críocha chur i bhfeidhm na gceanglas creata feidhmíochta, bainistíochta airgeadais, tuairiscithe agus meastóireachta, measfar go dtagraíonn an dáta sin don dáta céanna sa bhliain dár gcionn. Ina theannta sin, de mhaolú ar Airteagal 2, pointe (29), de Rialachán (AE) 2021/1060, i gcás na gclár sin measfar go dtagraíonn an bhliain chuntasaíochta deiridh don tréimhse ón 1 Iúil 2030 go dtí an 30 Meitheamh 2031.

8. De mhaolú ar Airteagal 112(3) de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfar an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí i gcláir lena gcumhdaítear réigiún amháin nó níos mó ar leibhéal NUTS 2 a bhfuil teorainn aige leis an Rúis, leis an mBealarúis nó leis an Úcráin a mhéadú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme, nach mó ná 100 %. Ní bheidh feidhm ag an ráta cómhaoinithe níos airde maidir le cláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann, mura n-áirítear na réigiúin sin ar leibhéal NUTS 2 ach i gcláir lena gcumhdaítear críoch iomlán an Bhallstáit lena mbaineann.

   Ní bheidh feidhm ag an maolú dá bhforáiltear sa chéad fhomhír den mhír seo ach amháin i gcás inar formheasadh ath-leithdháiltí 10 % ar a laghad d’acmhainní airgeadais an chláir ar cheann amháin nó níos mó de na tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo, agus ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025.

9. Sa bhreis ar an measúnú le haghaidh gach cláir ar thoradh an athbhreithnithe meántéarma atá le tíolacadh de bhun Airteagal 18(2) de Rialachán (AE) 2021/1060, féadfaidh na Ballstáit, faoin 31 Nollaig 2025, measúnú comhlántach chomh maith le hiarrataí gaolmhara ar leasuithe ar chláir a chur faoi bhráid an Choimisiúin an athuair, agus an fhéidearthacht maidir le tosaíochtaí tiomnaithe arna mbunú de bhun Airteagal 12a, 12c nó 12d den Rialachán seo á gcur san áireamh. Beidh feidhm ag na spriocdhátaí a leagtar síos in Airteagal 24 de Rialachán (AE) 2021/1060.

---

* Rialachán (AE) 2024/795 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Feabhra 2024 lena mbunaítear an tArdán um Theicneolaíochtaí Straitéiseacha don Eoraip (STEP), agus lena leasaítear Treoir 2003/87/CE agus Rialacháin (AE) 2021/1058, (AE) 2021/1056, (AE) 2021/1057, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) 2021/1060, (AE) 2021/523, (AE) 2021/695, (AE) 2021/697 agus (AE) 2021/241 (IO L, 2024/795, 29.2.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/795/oj).';

(2) leasaítear Airteagal 12a mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Féadfaidh na Ballstáit CSE+ a úsáid chun tacaíocht a sholáthar do chuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2(1), pointe (b), de Rialachán (AE) 2024/795, faoi na cuspóirí sonracha ábhartha a leagtar amach in Airteagal 4(1) den Rialachán seo, lena n-áirítear trí thacú le forbairt scileanna i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha, inter alia iad siúd atá bunaithe ar chláir foghlama arna gcruthú ag Acadaimh Scileanna Eorpacha, chomh maith le hoiliúint daoine óga agus sciliú, uas-sciliú agus athsciliú oibrithe i dteicneolaíochtaí glan-nialasacha.';

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

'Sa bhreis ar an réamh-mhaoiniú don chlár dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060, i gcás ina bhformheasann an Coimisiún leasú ar chlár lena n-áirítear tosaíocht amháin nó níos mó atá tiomnaithe d'oibríochtaí a dtacaítear leo le CSE+ lena rannchuidítear le cuspóirí STEP dá dtagraítear in Airteagal 2 de Rialachán (AE) 2024/795, íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú eisceachtúil 20 % ar bhonn an leithdháilte ar na tosaíochtaí sin, ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025. I gcás inar áiríodh tosaíochtaí tiomnaithe den sórt sin in iarraidh ar leasú ar chlár a cuireadh faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Márta 2025, íocfaidh an Coimisiún réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire 30 % den leithdháileadh ar na tosaíochtaí sin de bhun an chinnidh lena bhformheastar an leasú ar an gclár. Íocfar réamh-mhaoiniú eisceachtúil den sórt sin laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún lena bhformheastar an leasú ar an gclár.';

(3) cuirtear na hairteagail seo a leanas isteach:

*'Airteagal 12c*

*Tacaíocht d'fhorbairt scileanna san ullmhacht shibhialta, sa tionscal cosanta lena n-áirítear cumais dé-úsáide, agus sa chibearshlándáil*

1. Féadfaidh na Ballstáit CSE+ a úsáid chun tacaíocht a sholáthar d'fhorbairt scileanna san ullmhacht shibhialta, sa tionscal cosanta lena n-áirítear cumais dé-úsáide agus sa chibearshlándáil faoi thosaíochtaí tiomnaithe, agus tosaíocht á tabhairt do scileanna a bhaineann le cumais dé-úsáide agus le hullmhacht shibhialta. Agus oibríochtaí á roghnú acu, i gcomhréir le hAirteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/1060, tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, do sheirbhísí fostaíochta poiblí agus don gheilleagar sóisialta. Leis na tosaíochtaí tiomnaithe, is féidir tacú le haon cheann de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (a) go (g), den Rialachán seo.

2. Na hacmhainní a leithdháiltear ar na tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní chuirfear iad san áireamh mar bhonn chun comhlíonadh na gceanglas maidir le díriú téamach a ríomh, ar ceanglais iad dá bhforáiltear in Airteagal 7.

3. De bhreis ar réamh-mhaoiniú bliantúil an chláir dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060, íocfaidh an Coimisiún 20 % den leithdháileadh ar na tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo de bhun an chinnidh lena bhformheastar an leasú ar an gclár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire, ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025.

Íocfar an réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire sin laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún lena bhformheastar an leasú ar an gclár, de bhun Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2021/1060.

4. Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire, de bhun Airteagal 90(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná an bhliain chuntasaíochta deiridh.

Aon ús a ghintear le réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire den sórt sin, de bhun Airteagal 90(6) de Rialachán (AE) 2021/1060, úsáidfear é le haghaidh an chláir lena mbaineann ar an mbealach céanna le CSE+ agus áireofar é sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh.

De bhun Airteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní chuirfear réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire den sórt sin ar fionraí.

De bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, áireofar aon réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire arna íoc sa réamh-mhaoiniú atá le cur san áireamh chun méideanna atá le saoradh a ríomh.

5. De mhaolú ar Airteagal 112(3) de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfar an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mhéadú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme, nach mó ná 100%.

6. De mhaolú ar Airteagal 49(3) de Rialachán (AE) 2021/1060, i gcás oibríochtaí a dtacaítear leo faoin tosaíocht thiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, ní cheanglófar ar an mBallstát lena mbaineann na sonraí a bhaineann leis na hoibríochtaí sin a chur ar fáil go poiblí i gcás nach gceadaítear nochtadh den sórt sin ar chúiseanna slándála nó oird phoiblí de bhun Airteagal 69(5) de Rialachán (AE) 2021/1060. Chuige sin, cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas sula roghnóidh siad an oibríocht lena mbaineann le haghaidh tacaíochta. Ní dochar an fhomhír seo do chearta an Choimisiúin agus Chúirt Iniúchóirí na hEorpa rochtain a fháil ar an bhfaisnéis is gá chun a bhfeidhmeanna a chomhlíonadh i ndáil le fíoruithe agus iniúchtaí ná do dhualgas Pharlaimint na hEorpa rialú polaitiúil a fheidhmiú de bhun Airteagal 14 CAE agus faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme bhuiséad an Aontais de bhun Airteagal 319 CFAE.

Ní bheidh tairbhithe faoi réir na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 50(1), pointí (c), (d) agus (e) de Rialachán (AE) 2021/1060 maidir le hoibríochtaí a dtacaítear leo faoin tosaíocht thiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo, i gcás nach gá faisnéis maidir leis an tacaíocht nó maidir le heagrú ócáide cumarsáide nó gníomhaíochta cumarsáid a thaispeáint go poiblí ar chúiseanna slándála nó oird phoiblí de bhun Airteagal 69(5) de Rialachán (AE) 2021/1060.

Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas uair sa bhliain ar a laghad faoi líon na n-oibríochtaí is ábhar don mhaolú dá bhforáiltear sa dara fomhír, agus faoina gcostas iomlán, ar bhealach comhiomlánaithe, agus aird chuí á tabhairt ar cheanglais rúndachta.

*Airteagal 12d*

*Tacaíocht d'oiriúnú atá nasctha leis an dícharbónú*

1. Féadfaidh na Ballstáit CSE+ a úsáid chun tacaíocht spriocdhírithe a sholáthar d'oiliúint lena ndírítear ar sciliú, uas-sciliú agus athsciliú d'fhonn oibrithe, fiontair agus fiontraithe a oiriúnú d'athrú, rud a rannchuideodh le dícharbónú acmhainneachtaí táirgeachta faoi thosaíochtaí tiomnaithe, agus é mar chuspóir ann iomaíochas, inbhuanaitheacht agus nuálaíocht a choinneáil ar bun le linn an aistrithe ghlais. Agus oibríochtaí á roghnú acu de bhun Airteagal 73 de Rialachán (AE) 2021/1060, tabharfaidh na Ballstáit tosaíocht do mhicrifhiontair, d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide, do sheirbhísí fostaíochta poiblí agus don gheilleagar sóisialta. Leis na tosaíochtaí tiomnaithe, is féidir tacú le haon cheann de na cuspóirí sonracha a leagtar amach in Airteagal 4(1), pointí (a) go (g), den Rialachán seo.

2. Féadfaidh na Ballstáit tacú le comhar a chur chun cinn idir eagraíochtaí éagsúla, amhail institiúidí oideachais, chun tacú le forbairt scileanna sna réimsí dá dtagraítear i mír 1.

3. Chun críocha mhír 1 den Airteagal seo, cuirfidh an Ballstát lena mbaineann iarraidh réasúnaithe ar leasú ar chlár isteach i gcomhréir le hAirteagal 24(1) de Rialachán (AE) 2021/1060. I gcás ina bhfuil cláir ag an mBallstát cheana lena n-áirítear tosaíocht amháin nó níos mó lena gcomhlíontar na coinníollacha a leagtar amach i mír 1 den Airteagal seo, cuirfidh an Ballstát iarraidh faoi bhráid an Choimisiúin chun na tosaíochtaí lena mbaineann a mheas mar thosaíochtaí tiomnaithe chun críocha mhír 1 den Airteagal seo.

4. De bhreis ar réamh-mhaoiniú bliantúil an chláir dá bhforáiltear in Airteagal 90(1) agus (2) de Rialachán (AE) 2021/1060, íocfaidh an Coimisiún 20 % den leithdháileadh ar na tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo de bhun an chinnidh lena bhformheastar an leasú ar an gclár mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire, ar choinníoll go gcuirtear an iarraidh ar an leasú ar an gclár faoi bhráid an Choimisiúin faoin 31 Nollaig 2025.

Íocfar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire den sórt sin laistigh de 60 lá tar éis ghlacadh an chinnidh ón gCoimisiún lena bhformheastar an leasú ar an gclár de bhun Airteagal 24(4) de Rialachán (AE) 2021/1060.

5. Déanfar an méid arna íoc mar réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire, de bhun Airteagal 90(5) de Rialachán (AE) 2021/1060, a imréiteach ó chuntais an Choimisiúin tráth nach déanaí ná deireadh na bliana cuntasaíochta deiridh.

Aon ús a ghintear le réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire den sórt sin, de bhun Airteagal 90(6) de Rialachán (AE) 2021/1060, úsáidfear é le haghaidh an chláir lena mbaineann ar an mbealach céanna le CSE+ agus áireofar é sna cuntais don bhliain chuntasaíochta deiridh.

De bhun Airteagal 97(1) de Rialachán (AE) 2021/1060, ní chuirfear réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire den sórt sin ar fionraí.

Áireofar aon réamh-mhaoiniú eisceachtúil aonuaire arna íoc sa réamh-mhaoiniú atá le cur san áireamh chun méideanna atá le saoradh a ríomh, de bhun Airteagal 105(1) de Rialachán (AE) 2021/1060.

6. De mhaolú ar Airteagal 112 de Rialachán (AE) 2021/1060, déanfar an t-uasráta cómhaoinithe le haghaidh tosaíochtaí tiomnaithe dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a mhéadú 10 bpointe céatadáin os cionn an ráta cómhaoinithe is infheidhme, nach mó ná 100%.’.

*Airteagal 2*

*Teorainneacha ar leasuithe ar chláir agus aistrithe*

Méideanna a chomhfhreagraíonn do ghealltanais arna gcur ar fionraí le bearta arna nglacadh i gcomhthéacs Rialachán (AE, Euratom) 2020/2092 agus méideanna a sháraíonn an méid solúbthachta a chomhfhreagraíonn do na cuspóirí sonracha atá faoi réir measúnú diúltach ón gCoimisiún ar bhonn cur i bhfeidhm coinníollacha cumasúcháin cothrománacha de bhun Airteagal 15 de Rialachán (AE) 2021/1060, ní bheidh siad faoi réir leasú ar chlár ná aistriú de bhun an Rialacháin seo.

*Airteagal 3*

*Teacht i bhfeidhm*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh i/in/sa …,

*Thar ceann Pharlaimint na hEorpa*
*An tUachtarán*

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

Rinneadh ráiteas ón gCoimisiún maidir leis an Rialachán seo agus is féidir teacht air in IO C, ..., ELI: ...[+].

---

[+] IO: Cuir isteach tagairt IO an ráitis ón gCoimisiún, lena n-áirítear an ELI.